



**An Roinn Oideachais**  
Department of Education

# **Creat Rialachais**

**Dréachtaithe de réir an Chaighdeáin  
Rialachais don Státseirbhís 2015**

**Márta 2023**

## Brollach ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Creat Rialachais na Roinne Oideachais a chur i láthair a chuimsíonn, in aon acmhainn amháin:

- ár gcomhthéacs polaitiúil agus oibriúcháin
- ár n-oibleagáidí agus freagrachtaí
- ár gcaighdeáin iompair, agus
- ár meicníochtaí cuntasachta

Tacaíonn siad seo go léir leis an Roinn a cuid cuspóirí agus spriocanna a bhaint amach i dtimpeallacht dhúshlánach.

Tá an Roinn tiomanta do thorthaí oideachais ardchaighdeáin a sholáthar, agus tá bainistíocht agus foireann aici atá á stiúir ag luachanna agus atá oscailte agus ag freagairt do riachtanais atá ag athrú, a ghníomhaíonn le hionracas agus atá tiomanta d'ár gcuspóirí agus spriocanna a bhaint amach. Tá an Roinn ag féachaint leis an gclú seo a choinneáil agus, go deimhin, a mhéadú, trí chloí leanúnach leis na caighdeáin is airde rialachais mar atá luaite sa Chreat Rialachais seo.

Tá sé de fhreagracht ar an Roinn a chinntiú go bhfuil socruithe cuí agus comhréireacha ar bun sa chaoi is go ndéanfar na hacmhainní atá faoinár gcúram a stiúradh agus a úsáid san áit is mó a bhfuil gá leo d'fhonn tacú lenár misean chun “a chur ar chumas leanáí agus daoine óga tríd an bhfoghlaim a lánacmhainneacht a bhaint amach le go bhféadann siad cur le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann”.

Aithnímid go mbaineann an dea-rialachas le tosaíochtaí a sholáthar, le cuspóirí a bhaint amach, le feidhmiú le hionracas agus le gníomhú ar son leas an phobail, agus ar bhealaí atá ag teacht le hoibleagáidí dlíthiúla, rialála agus oibleagáidí a bhaineann le beartas Rialtais. Creidimid go gcuidíonn sé go hinbhraite agus go leanúnach lenár bhfeidhmíocht agus lenár gcumas le torthaí dearfacha a sholáthar.

Ar ndóigh, ní féidir le córais astu féin an dea-rialachas a sheachadadh. Tá ról ag gach ball foirne chun iad féin a thiomnú le chéile do dhea-rialachas na Roinne trí cheanglais an Chreata Rialachais seo i bhfeidhmiú ár ndualgas.

**Bernie McNally**  
**Rúnaí Ginearálta**

Márta 2023

## Réamhrá

Tagraíonn Rialachas Corparáideach sa tSeirbhís Phoiblí do na córais, nósanna imeachta, cleachtais agus iompraíochtaí a bhíonn ag eagraíocht chun a cuid cuspóirí ráite, oibleagáidí reachtúla, agus spriocanna beartais a bhaint amach i soláthar seirbhísí do shaoránaigh ar bhealach atá oscailte, éifeachtúil, eiticiúil, cothrom agus trédhearcach.

Leis an gCreat Rialachais seo soláthraítear léargas ar struchtúr na Roinne lena n-áirítear a struchtúir eagraíochtúla agus bainistíochta. Sonraítear ann na bealaí ina ndéanann sé monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn i dtreo a spriocanna a bhaint amach, agus ar an ról atá aige chun tacú leis an Aire Oideachais ag comhlíonadh ghealltanais agus oibleagáidí reachtúla an Rialtais san Earnáil Oideachais. Leis an gCreat Rialachais imlínítear an comhthéacs polaitiúil agus oibriúcháin ina n-oibríonn an Roinn, a hoibleagáidí agus a freagrachtaí, a caighdeáin iompair, agus a meicníochtaí cuntasachta.

## Scóip agus Struchtúr

Leis an gCreat Rialachais leagtar amach na príomhphrionsabail, struchtúir, beartais, nósanna imeachta agus meicníochtaí rialaithe atá ar bun chun tacú leis an Roinn a misean a bhaint amach *“Leanaí agus daoine óga a éascú, trí fhoghlaim, a lánacmhainneacht a bhaint amach agus cur le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann.”*

Tá cúig chaibidil sa Chreat Rialachais atá eagraithe de réir na bpríomhphrionsabail rialachais atá leagtha amach sa Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís 2015. Dírionn an Creat Rialachais ar struchtúir agus ar bheartais rialachais ardleibhéil laistigh den Roinn. Áirítear leis roinnt tagairtí agus naisc le doiciméid mhionsonraithe reachtaíochta, bheartais, oibriúcháin agus treorach eile a chuireann bonn faoin gcaoi a ndéanann an Roinn iarracht dea-rialachas a chinntiú laistigh den Roinn agus san earnáil oideachais i gcoitinne.

Is iad seo a leanas na príomh-nithe a chlúdaítear sna caibidlí:

- **Léargas ar an Roinn:** Misean na Roinne; Luach, Iompraíochtaí agus Cultúr; struchtúir eagraíochta; pleanáil straitéiseach, cinnteoireacht agus bainistíocht feidhmíochta; socruithe inmheánacha cumarsáide; rannpháirtíocht le geallsealbhóirí seachtracha; cosaint leanaí; agus socruithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Rialachais
- **Róil an Aire agus na Bainistíochta Sinsearaí & Sannadh Freagrachtaí:** léargas ar róil agus freagrachtaí an Aire agus na hAirí Stáit agus caidreamh na Roinne leo; léargas ar róil agus freagrachtaí rialachais na bainistíochta sinsearaí lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an Ard-Rúnaí/Oifigeach Cuntasaíochta, Comhairleoirí Speisialta, agus ról rialachais na foirne ar fad; agus conas a shanntar freagracht d'oifigigh na roinne as comhlíonadh feidhmeanna.
- **Bord Bainistíochta agus Struchtúir Rialachais eile:** cuspóir, ról agus téarmaí tagartha na struchtúir agus na socruithe bainistíochta atá i bhfeidhm lena n-áirítear an Bord Bainistíochta, coistí, grúpaí oibre ad hoc agus struchtúir bhainistíochta

---

<sup>1</sup> [Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais 2023-2025](#)

shinsearacha; agus léargas ar shocruithe rialachais a shíneann thar teorainneacha eagraíochtúla.

- **Socruithe Iniúchta, Dearbhaithe agus Comhlíonta:** socruithe iniúchta inmheánaigh agus dearbhaithe airgeadais; agus creat comhlíonta.
- **Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne:** socruithe um rialachas agus maoirseacht sheachtrach comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

Tá an Creat Rialachais deartha ar bhealach inar féidir é a athbhreithniú agus a fhorbairt thar am de réir mar a athraíonn timpeallacht rialachais agus riachtanais na roinne agus na hearnála.

## Clár ábhair

<b>Caibidil 1: Léargas ar an Roinn .....</b>	<b>1</b>
<b>1.1 Réamhrá .....</b>	<b>1</b>
<b>1.2 Struchtúir Eagrúcháin .....</b>	<b>2</b>
1.2.1 Struchtúir na Bainistíochta Sinsearaí .....	2
<b>1.3 Pleanáil Straitéiseach &amp; Cinnteoireacht .....</b>	<b>3</b>
<b>1.4 Pleanáil Gnó agus Bainistíocht Feidhmíochta .....</b>	<b>4</b>
1.4.1 Pleanáil Leanúnachais Gnó .....	5
<b>1.5 Tuarascáil Bhliantúil .....</b>	<b>5</b>
<b>1.6 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí .....</b>	<b>5</b>
1.6.1 Creat Pleanála .....	5
1.6.2 Ár gCláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí .....	6
<b>1.7 Iompar agus Cultúr .....</b>	<b>6</b>
1.7.1 Cóid Iompair .....	7
1.7.2 Nochtadh Cosanta .....	8
1.7.3 Brústocaireacht a Rialáil .....	9
1.7.4 Cosaint Sonraí .....	9
1.7.5 Rialachas Sonraí .....	9
1.7.6 Bainistíocht Faisnéise .....	10
1.7.7 Beartas TFC .....	10
<b>1.8 Cumarsáid .....</b>	<b>11</b>
1.8.1 Teagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha .....	11
1.8.2 Cumarsáid Inmheánach .....	12
1.8.3 Féiniúlacht Rialtas na hÉireann .....	14
<b>1.9 Cosaint Leanaí .....</b>	<b>15</b>
<b>1.10 Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chreata Rialachais .....</b>	<b>16</b>
<b>Caibidil 2: Róil Aireachta agus Bainistíochta Sinsearaí &amp; Sannadh Freagrachtaí 17</b>	
<b>2.1 Ról an Aire Oideachais .....</b>	<b>17</b>
2.1.1 Forálacha reachtacha .....	17
<b>2.2 Airí Stáit sa Roinn Oideachais .....</b>	<b>18</b>
<b>2.3 Ról an Ard-Rúnaí .....</b>	<b>18</b>
2.3.1 Réamhrá .....	18
2.3.2 Ról an Ard-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta .....	19
<b>2.4 Ról na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn .....</b>	<b>20</b>
2.4.1 Rúnaithe Cúnta/Príomhchigire .....	20

2.4.2	Príomhoifigigh/Coibhéisí	20
<b>2.5</b>	<b>Ról Rialachais na Foirne go léir</b>	<b>20</b>
<b>2.6</b>	<b>Comhairleoirí Speisialta an Aire</b>	<b>20</b>
<b>2.7</b>	<b>Comhairleoir Speisialta an Aire Stáit</b>	<b>21</b>
<b>2.8</b>	<b>Caidreamh Aire - Roinne</b>	<b>21</b>
2.8.1	Comhthéacs	21
2.8.2	Forbhreathnú ar idirghníomhaíocht idir an tAire agus oifigigh	21
2.8.3	Cinntí an Aire a thaifeadadh	22
<b>2.9</b>	<b>Caidreamh Airí Stáit leis an Roinn</b>	<b>22</b>
<b>Caibidil 3 : An Bord Bainistíochta agus Struchtúir Rialachais eile</b>		<b>23</b>
<b>3.1</b>	<b>Fís agus Cuspóir</b>	<b>23</b>
3.1.1	Ról chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta	24
3.1.2	Téarmaí Tagartha	25
<b>3.2</b>	<b>Oibriú an Bhoird Bhainistíochta</b>	<b>25</b>
3.2.1	Cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta	25
3.2.2	Cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta agus an Aire	26
3.2.3	Ról an Ard-Rúnaí mar Chathaoirleach	26
3.2.4	Ról an Rúnaí don Bhoird Bainistíochta	26
<b>3.3</b>	<b>Nósanna Imeachta an Bhoird Bainistíochta</b>	<b>28</b>
3.3.1	Clár Chruinnithe an Bhoird Bainistíochta	28
3.3.2	Páipéir/Cinntí	28
<b>3.4</b>	<b>Fochoistí an Bhoird Bainistíochta</b>	<b>29</b>
<b>3.5</b>	<b>Rialachas thar Teorainneacha Eagrúcháin</b>	<b>29</b>
<b>3.6</b>	<b>Struchtúir Rialachais Eile</b>	<b>29</b>
<b>Caibidil 4 : Socruithe Iniúchta, Dearbhaithe &amp; Comhlíonta</b>		<b>30</b>
<b>4.1</b>	<b>Ról an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh agus AE</b>	<b>30</b>
<b>4.2</b>	<b>Ról an Choiste Iniúcháireachta</b>	<b>31</b>
<b>4.3</b>	<b>Ról an Aonaid Airgeadais</b>	<b>31</b>
<b>4.4</b>	<b>Socruithe Dearbhaithe an Oifigigh Chuntasáíochta</b>	<b>31</b>
4.4.1	Ráiteas Bliantúil ar Rialú Inmheánach Airgeadais (SIFC)	32
4.4.2	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO)	32
4.4.3	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	32
<b>4.5</b>	<b>Ról an Oifigigh um Chosaint Sonraí agus an Aonaid Chomhlíonta Sonraí agus Tacaíochta</b>	<b>32</b>
<b>4.6</b>	<b>Bainistíocht Riosca</b>	<b>33</b>
4.6.1	Coiste Riosca	33

<b>4.7</b>	<b>Bainistíocht Soláthair .....</b>	<b>33</b>
<b>4.8</b>	<b>Creat Comhlíonta .....</b>	<b>34</b>
	<b>Caibidil 5: Comhlachtaí neamhthráchtála faoi choimirce na Roinne .....</b>	<b>35</b>
<b>5.1</b>	<b>Comhlachtaí atá Cuntasach do chomhlachtaí eile de chuid na Roinne Oideachais .....</b>	<b>35</b>
<b>5.2</b>	<b>Rialachas agus Maoirseacht Sheachtrach ar Chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne .....</b>	<b>36</b>
<b>5.3</b>	<b>Maoirseacht ar phróiseas ceapacháin na mBord Stáit.....</b>	<b>38</b>
	<b>Aguisín A – Beartais Chorparáideacha .....</b>	<b>39</b>
	<b>Aguisín B – Liosta Fochoistí an Bhoird Bainistíochta .....</b>	<b>40</b>
	<b>Aguisín C – Sonraí maidir leis na 10 gcomhlacht neamhthráchtála atá faoi choimirce na Roinne amhail Meán Fómhair 2022 .....</b>	<b>43</b>
	<b>Aguisín D – Rialú Leagan Doiciméid agus Stair Athraithe .....</b>	<b>50</b>

# Caibidil 1: Léargas ar an Roinn

## 1

Tacaíonn an dea-rialachas le cultúr agus éiteas a chinntíonn iompar le hionracas, tiomantas láidir do luachanna eiticiúla, agus meas ar fhorlámhas an dlí.

## 1.1 Réamhrá

Feidhmíonn an Roinn Oideachais i dtimpeallacht dhúshlánach chasta, atá múnlaith go háirithe ag athruithe eacnamaíocha, sóisialta, teicneolaíochta, cultúrtha agus déimeagrafacha. Le blianta beaga anuas, tá clár suntasach athchóirithe ar bun ar fud na hearnála Oideachais. Díríonn an clár athchóirithe ar na príomhspricanna maidir le soláthar agus eispéireas oideachais ardchaighdeáin don fhoghlaim, dul chun cinn d'fhoghlaim atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaim a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a cur chun cinn, agus seachadadh na treorach agus na tacaíochta straitéisí a threorú. Cuirfidh na spricanna seo le córas sofheagrach oideachais a bheidh bunaithe ar chaidrimh dhaingne idir oideachas agus an pobal i gcoitinne, an tsochaí agus an geilleagar.

Glacann an Roinn cur chuige uile-chórais maidir le pleanáil straitéiseach agus cur i bhfeidhm ar fud na hearnála Oideachais. Cuireann an cur chuige “comhcheangailte” seo ar ár gcumas clár fairsing athchóirithe a phleanáil agus a chur i bhfeidhm agus é sin a chothromú leis na héilimh a bhaineann le tacú le feidhmiú ár gcóras oideachais agus é a chothú.

Is é misean na Roinne “Leanaí agus daoine óga a éascú, trí fhoghlaim, lena lánacmhainneacht a bhaint amach agus cur le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann.”

Tá na luachanna seo a leanas mar bhonn ag ár misean, a chuidíonn leis na torthaí tosaíochta a bhaint amach:

- Cuirimid an scoláire i gcroílár fhorbairt straitéise oideachais agus polasaí agus is mór againn an fhoghlaim mar leas poiblí, i bhfianaise a ról lárnach i bhforbairt, i gcomhtháthú agus i bhfolláine sochaí uilechuimsitheach.
- Creidimid sa ríthábhacht a bhaineann le cumarsáid oscailte, comhairliúchán agus comhoibriú le páirtithe leasmhara san earnáil oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne.
- Táimid tiomanta do phrionsabail an fheabhsúcháin leanúnaigh, na nuálaíochta agus na meastóireachta a bheidh mar bhonn ag forbairt beartais atá bunaithe ar fhianaise agus ag seachadadh clár.
- Beidh na luachanna uileghabhálacha don Státseirbhís, mar atá leagtha amach i *bPlean Athnuachana na Státseirbhíse*, mar bhonn agus thaca ag baint amach ár spricanna.
- Is mór againn ár bhfoireann agus iad siúd go léir a oibríonn i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile inár gcóras oideachais. Oibrímid chun timpeallacht a chruthú inar féidir linn go léir foghlaim, forbairt agus cur le spricanna an



chórais oideachais.

- Táimid freagrach, oscailte don athrú, agus measúil inár ndéileálacha leis an bpobal agus le comhghleacaithe oibre.

## 1.2 Struchtúir Eagrúcháin

Eascraíonn struchtúr eagraíochtúil na Roinne óna croí-obair maidir le comhairle bheartais a sholáthar don Aire le haghaidh cinnidh, ag ceapadh agus ag cur i bhfeidhm tosaíochtaí an Rialtais i réimse an oideachais, agus ag déanamh gníomhartha chun cinní an Aire agus an Rialtais a chur i bhfeidhm.

### 1.2.1 Struchtúir na Bainistíochta Sinsearaí

Seo a leanas struchtúr na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn:

- Is corparáid aonair<sup>2</sup> den Roinn é an tAire agus tá sé/sí cuntasach don Rialtas maidir leis na feidhmeanna go léir a tharmligeann an Rialtas chucu.
- Is é an Rialtas, ar ainmniúchán an Taoisigh, a cheapann na hAirí Stáit. Tarmligeann an Rialtas, trí Ordú, cumhachtaí agus dualgais an Aire Oideachais do na hAirí Stáit<sup>3</sup>. Féadfaidh ról agus feidhm na n-Airí Stáit a bheith ar bhonn riaracháin freisin.
- Is é/í an tArd-Rúnaí Ceann Riaracháin agus Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne agus tá sé/sí cuntasach don Aire as a ról agus a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh mar Cheann Riaracháin na Roinne. Is é/í an tArd-Rúnaí príomhchomhairleoir beartais na Roinne, atá freagrach as comhairle neamhspleách a sholáthar don Aire agus do na hAirí Stáit ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Roinn.
- Tacaíonn na Cinn Rannáin, is iad sin Rúnaithe Cúnta agus an Príomh-Chigire, leis an Ard-Rúnaí agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna. Sannann an tArd-Rúnaí freagracht as rannáin ar leith dóibh agus coinníonn sé/sí cuntasacht iomlán don Aire. Tá leithdháileadh freagrachtaí rannáin leagtha amach i gCreat na Sannachán ach d'fhéadfadh sé athrú de réir riachtanas agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Áirítear ar fhreagrachtaí an Phríomhchigire iad siúd atá leagtha amach in alt 13 den Acht Oideachais, 1998. Chomh maith lena bhfreagrachtaí rannáin aonair, tá na Rúnaithe Cúnta agus an Príomhchigire ina gcomhaltaí de Bhord Bainistíochta na Roinne. Mar bhaill den Bhord Bainistíochta, tá siad i gceannas ar a bhfreagrachtaí rannáin faoi seach agus glacann said páirt ar bhonn na rannpháirtíochta comhroinnte agus na freagrachta corparáidí.
- Sannann an tArd-Rúnaí freagracht do Phríomhoifigigh nó a gcomhionann mar Chinn Aonaid. Luíonn na freagrachtaí seo laistigh de chreat bainistíochta foriomlán na Roinne.

---

<sup>2</sup> [An tAcht Aire agus Rúnaithe 1924](#)

<sup>3</sup> [An tAcht Airí agus Rúnaithe \(Leasú\) \(Uimh. 2\), 1977](#)

Eagraítear Rannáin chun tuairisciú do bhaill aonair an Bhoird Bhainistíochta. Dá réir sin, tá struchtúr eagraíochtúil na Roinne bunaithe ar 9 réimse feidhme. Leagtar amach na réimsí seo agus iad siúd atá freagrach astu i gcaibidil 3. Tá tuilleadh sonraí ar fheidhmeanna na Rannán ar fáil [anseo](#) freisin.

### 1.3 Pleanáil Straitéiseach & Cinnteoireacht

Ceanglaítear ar an Roinn, gach trí bliana, nó laistigh de shé mhí ón dáta ar a gceaptar Aire nua, Ráiteas Straitéise don Roinn<sup>4</sup> a ullmhú agus fhoilsiú. Tá an Ráiteas Straitéise bunaithe ar Chlár an Rialtais, agus léirítear ann tosaíochtaí ardleibhéil arna gcomhaontú ag an Aire. Aistrítear na tosaíochtaí seo isteach i gclár oibre bliantúil na Roinne agus i ngníomhaíochtaí na rannán.

Agus an Ráiteas Straitéise á fhorbairt, cloíonn an Roinn leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Treoirínte maidir le Ráitis Straitéise a Ullmhú arna n-eisiúint ag Roinn an Taoisigh. Comhordaíonn Oifig an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí dréachtú an Ráitis Straitéise. Tarlaíonn an caidreamh tosaigh ar dhréachtú an Ráitis Straitéise idir an tArd-Rúnaí/Bord Bainistíochta agus na hAirí agus a gComhairleoirí Speisialta. Baineann an plé seo leis na príomhthosaíochtaí mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais do na hAirí agus don Roinn.

Tarlaíonn próiseas comhairliúcháin leathan ina dhiaidh sin chun an Ráiteas Straitéise a fhorbairt lena n-áirítear:

- plé ag an mBord Bainistíochta ar dhréachtú tosaigh an Ráitis Straitéise
- plé leanúnach le Foghrúpa an Bhoird Bainistíochta a bhfuil freaghtacht air i dtaca le Pleanáil (Straitéis agus Pleananna Forfheidhmiúcháin)
- comhairliúcháin le príomhoifigigh shinsearacha chun breithniú a dhéanamh ar chur in iúl na bpríomhbheartais agus na bpríomhstraitéisí
- plé ag Fóram Bainistíochta Sinsearaí (SMF) na Roinne chun breithnithe inmheánacha ar an misean, an fhís agus na teoracha straitéiseacha a thabhairt chun críche
- comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara agus le Ranna Rialtais eile dá n-ionchur sa Ráiteas Straitéise
- comhairliúchán leis an bpobal chun an próiseas dréachtaithe a threorú

Cuireann an tArd-Rúnaí an dréacht-Ráiteas Straitéise faoi bhráid an Aire lena fhaomhadh agus faoi bhráid an Rialtais lena nótáil. Ina dhiaidh sin, glactar leis an Ráiteas Straitéise mar bhunús do thosaíochtaí straitéiseacha na Roinne agus foilsítear é ar líne.

Tá Ráiteas Tosaíochtaí bliantúil, Forbairt ag gabháil le gach Ráiteas Straitéise a shonraíonn na bunspríocanna inghnóthaithe do na príomhthosaíochtaí laistigh de bhliain ar leith don Roinn agus don earnáil. De ghnáth cuirtear Forbairt le chéile ar bhonn bliantúil agus déantar monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn go rialta (gach ráithe de ghnáth). Cuireann an próiseas bliantúil seo ar chumas na Roinne Roinn

---

<sup>4</sup> [An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997](#)

athbhreithniú agus tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht ar bhealach solúbtha freagrúil chun freastal ar chúinsí athraitheacha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Déantar monatóireacht ar na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise agus nótáiltear dul chun cinn ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear iad siúd atá leagtha amach thíos.

Creat	Minicíocht Tuairiscithe/Meicníocht	Rannóg/Aonad Ceannais
Clár an Rialtais; Ráiteas ar Thosaíochtaí an Rialtais	Bliantúil agus mar a iarrann an Rialtas	Oifig an Ard-Rúnaí
Ráiteas Straitéise	Gach trí bliana nó laistigh de shé mhí ón uair a cheaptar Aire nua.	Oifig an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí
Forbairt; Ráiteas Tosaíochtaí	Tuarascálacha ráithiúla ar dhul chun cinn agus deireadh na bliana léirmheas	Oifig an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí
Cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta	Seachtainiúil	Oifig an Ard-Rúnaí
Cruinnithe Aire/Bord Bainistíochta	Gach 6 seachtaine	Oifig an Ard-Rúnaí
Coistí Oireachtais	Mar a iarrann Coiste an Oireachtais	Oifig an Ard-Rúnaí

## 1.4 Pleanáil Gnó agus Bainistíocht Feidhmíochta

Leagtar amach i gcreat Pleanála Gnó na Roinne na spriocanna, na cuspóirí agus na spriocanna ardleibhéil bliantúla do gach Rannán agus aithnítear ann na caighdeáin feidhmíochta agus ionchais do gach ball foirne aonair. Tá an próiseas pleanála gnó á stiúradh, á bhainistiú agus á stiúradh gach bliain ag an mBord Bainistíochta a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt agus ar thabhairt chun críche na bpleananna Rannáin.

Tacaíonn teimpléad pleanála gnó na Roinne le comhtháthú próiseas gnó gaolmhar cosúil le bainistíocht riosca, pleanáil fórsa saothair, tionscadail a bhaineann le clár athchóirithe na Státseirbhíse agus tionscadail Feabhsaithe Próisis Gnó (BPI) .

Bíonn cruinnithe gnó ag na Cinn Aonaid leis an bhfoireann agus is gnách go bhfreastalaíonn an ball ábhartha den Bhord Bainistíochta ar na cruinnithe. Tugann cruinnithe pleanála gnó deis do Bhail an Bhoird Bainistíochta, do na Cinn Aonaid agus dá bhfoirne athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach agus ar aon cheisteanna atá fós le réiteach ón mbliain roimhe sin agus comhthuiscint a chruthú ar na deiseanna agus na tosaíochtaí don bhliain atá le teacht.

Déantar na freagrachtaí atá ag gach ball foirne, mar atá curtha in iúl trí phleananna gnó, agus a bhfeidhmíocht sa soláthar na spriocanna comhaontaithe, a thomhas agus a mheas trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) na Roinne. Tacaíonn an PMDS le bainisteoirí agus foireann ar fud na Roinne an fheidhmíocht a bhainistiú agus a fheabhsú. Díríonn Bainistíocht Feidhmíochta ar ról agus éifeachtúlacht na mbainisteoirí líne i socrú agus comhaontú spriocanna do gach ball foirne i gcomhréir cuspóirí Phlean Gnó na Roinne, agus athbhreithniú agus treisiú ar fheidhmíocht na foirne. Déantar clárú foirmiúil na faisnéise seo trí e|PMDS, a bhfuil leibhéal éagsúla rochtana ag an bhfoireann uirthi. Bíonn cruinnithe rannáin ann go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh agus ar an dul chun cinn i dtaca le pleanáil gnó agus bainistíocht feidhmíochta.

Soláthraíonn an Córas Ceannaireachta, Meastóireachta agus Forbartha (CCMF - LEADS) próiseas láidir athbhreithnithe feidhmíochta dóibh siúd ar leibhéal Rúnaí Cúnta, Leas-Rúnaí agus Dara Rúnaí.

### 1.4.1 Pleanáil Leanúnachais Gnó

Tá sé riachtanach go ndéanfadh an Roinn soláthar do leanúnachas seirbhísí riachtanacha chun freastal ar an earnáil agus ar a custaiméirí agus chun a clár cuimsitheach oibre a chomhlíonadh. Dá réir sin, tugann Plean Leanúnachais Gnó (BCP) na Roinne breac-chuntas ar na príomhrioscaí a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar oibríochtaí gnó ríthábhachtacha leanúnacha laistigh den Roinn.

Aithnítear príomhaonaid a sholáthraíonn seirbhísí ríthábhachtacha agus dréachtaítear pleananna leanúnachais gach bliain dá gcuid seirbhísí agus feidhmeanna. Déanann na haonaid seo freisin pleanáil le haghaidh tástála athshlánaithe ó thubaiste agus tástáil cásanna agus déanann siad iad chun a chinntiú go bhfuil pleananna leanúnachais inoibrithe i gcás teagmhais.

## 1.5 Tuarascáil Bhliantúil

Tá tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú an Ráitis Straitéise ag teastáil faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil na príomh-éachtaí agus forbairtí i rith na bliana chun cuspóirí na Roinne a chur chun cinn, mar atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise. Soláthraíonn gach rannán sa Roinn ábhar don Tuarascáil Bhliantúil agus tá sé ailínithe le tuarascálacha dul chun cinn Phlean Gníomhaíochta na Roinne agus le hathbhreithniú deireadh na bliana. Is iad Seirbhísí Corparáideacha a bhainistíonn ullmhú na Tuarascála Bliantúla agus cuirtear faoi bhráid an Ard-Rúnaí agus an Aire í le faomhadh. Foilsítear an tuarascáil bhliantúil ar líne i nGaeilge agus i mBéarla araon agus leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais í.

## 1.6 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

### 1.6.1 Creat Pleanála

Feidhmíonn an Roinn Creat Pleanála, a fhoilsíonn plean bliantúil chun na príomhthosaíochtaí a leagan amach le seachadadh don Roinn Oideachais agus dá gníomhaireachtaí agus comhlachtaí coimirce. Tá sé seo á thiomáint ag an uaimhian agus

na spriocanna atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Leagtar amach sa dá dhoiciméad tiomantas na Roinne do chlár athchóirithe idir-rannach agus iomlán an Rialtais.

Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm an chreata Pleanála trí thuarascálacha ráithiúla ar dhul chun cinn agus athbhreithniú deireadh bliana a fhoilsiú. Ligeann sé seo do rianú dlúth ar ghnóthachtálacha agus ar réimsí a dteastaíonn tuilleadh fócais uathu, chun dul chun cinn a thógáil agus a chomhdhlúthú i dtreo clár fadtéarmach inbhuanaithe de sheachadadh, athrú agus athchóiriú a bhaint amach.

### 1.6.2 Ár gClár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Tacaíonn an creat Pleanála le hathchóirithe san earnáil poiblí i gcoitinne, atá á stiúradh go lárnach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadha PFN agus Athchóirithe (DPENDPDR). Foilsíodh an plean athchóirithe seirbhíse poiblí reatha, Ár Seirbhís Phoiblí 2020, in 2017 agus sonraítear 18 ngníomh ardleibhéil atá le cur i bhfeidhm thar a shaolré. Mar chomharba air seo, tá Ár Seirbhís Phoiblí 2030 á forbairt anois. Is trí Oifig an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a bheidh an fhreagracht as é seo a chur i bhfeidhm laistigh den Roinn agus den earnáil oideachais.

Oibríonn an Roinn go dlúth leis an Oifig Seachadta Athchóirithe agus leis an Aonad Measúnaithe Athchóirithe in DPENDPDR chun tacú le cur i bhfeidhm an cláir athchóirithe, ag tacú le forbairt agus nuálaíocht ar fud na seirbhíse poiblí.

Leanann an Roinn le húsáid struchtúr agus próiseas cuí a chur chun cinn d'fhonn a chinntiú go ndéanann an Bord Bainistíochta maoirseacht agus rialú ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm na ngealltanas faoi chlár oibre Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, agus struchtúir agus modheolaíochtaí Bainistíochta Tionscadal agus Clár a chur chun cinn ar fud na heagraíochta .

## 1.7 Iompar agus Cultúr

Mar chomhlacht Státseirbhíse, is iad luachanna agus iompraíochtaí na Roinne agus a cuid foirne luachanna agus iompraíochtaí na Státseirbhíse go ginearálta - neamhchlaontacht, ionracas, meas ar an dlí, tiomantas do sheirbhís agus feidhmíocht. Is iad seo na luachanna atá cumhdaithe i gCód Caighdeán agus Iompair reachtúil na Státseirbhíse arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Leag Plean Athnuachana na Státseirbhíse (CSR) (2014) na luachanna seo amach mar a leanas:

- éiteas seirbhíse poiblí atá fréamhaithe go domhain de neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, comhionannas, cothroime agus meas;
- cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead; agus
- na caighdeáin is airde gairmiúlachta, ceannaireachta agus déine.

Athdhearbháidh na luachanna sin in CSR2030. Agus cuspóirí na Roinne á mbaint amach, agus ag cinntiú go mbaineann sí torthaí tosaíochta amach, tá sé mar aidhm ag an Roinn cultúr agus luachanna gaolmhara a choinneáil agus a chothú a léiríonn iompar eiticíúil agus rialachas éifeachtach. Tiomáineann na comhluachanna seo iompar agus sainíonn siad cultúr a thacaíonn le hiarrachtaí na Roinne a misean a sheachadadh ar bhealach gairmiúil, éifeachtach, cothrom agus cothrom.

Tiomantas tábhachtach laistigh den Phlean CSR ná trí Shuirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse a dhéanamh. Cuireann na suirbhéanna ar chumas na foirne a dtuairimí a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha oibre mar cheannaireacht, rannpháirtíocht fostaithe, tiomantas don eagraíocht agus folláine. Léirigh torthaí an 3ú suirbhé, a rinneadh idir Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2020, feabhsuithe thar 13 de na 23 réimse téamacha thar thorthaí 2017. Is toradh measartha dearfach é seo i bhfianaise na ndúshlán suntasach roimh fhoireann na Roinne mar thoradh ar COVID-19 agus an t-athstruchtúrú de dhíth mar thoradh ar bhunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) i. 2020. Léiríonn na torthaí freisin réimsí nach mór don Roinn feabhas a chur orthu agus ar a gcaithfidh sí leanúint dá cuid iarrachtaí a dhíriú m.sh. Timpeallacht Rannpháirtíochta, Caighdeán Feidhmíochta agus Dearcadh an Phobail. Tá an Roinn ag obair anois ar thionscnaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuirfidh ar ár gcumas tógáil ar réimsí láidreachta laistigh den Roinn agus aghaidh a thabhairt freisin ar na réimsí is dúshlánaí a aithníodh sa Suirbhé. Comhlánóidh na tionscnaimh seo cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí a leagfar amach sa Phlean CSR 2024, an chéad cheann de thrí phlean faoi CSR2030, agus tacóidh siad lenár bhfís don todhchaí agus d'fhorbairt fhadtéarmach na Roinne agus na Státseirbhíse i gcoitinne.

### 1.7.1 Cóid Iompair

Tá Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse (an Cód) ina chuid de théarmaí agus de choinníollacha seirbhíse na státseirbhíseach go léir. Cuireann an Cód taca faoi na rialacha i go leor réimsí lena n-áirítear maidir le neamhchlaontacht agus rúndacht, státseirbhísigh agus polaitíocht, iompar ag an obair, úsáid mhíchuí tionchair, agus glacadh le bronntanais, fáilteachas, íocaíocht as obair sheachtrach agus ceapacháin lasmuigh den Státseirbhís. Tugtar cóip den Chód do gach ceapaí a chaithfidh a dheimhniú i scríbhinn go bhfuil sé faighte acu.

#### Eitic in Oifigí Poiblí

Leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 soláthraítear creat reachtúil chun leasanna a nochtadh ag catagóirí áirithe de státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí. Forordaítear comhlachtaí poiblí, Stiúrthóireachtaí comhlachtaí poiblí agus poist shonracha fostaíochta (faoi bhun leibhéal an Phríomhoifigigh) i Rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí Sheachadha PFN agus Athchóirithe a nuashonraítear go bliantúil de ghnáth. Cuireann na hAchtanna um Eitic prionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta i bhfeidhm trína ndéanann na daoine sin a fhorordaítear faoi na hAchtanna ráitis bhliantúla a leagann amach a leasanna agus leasanna a gcéile nó a pháirtnéara shibhialta, a linbh nó linbh céile a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an duine i bhfeidhmiú nó i ndáil cur i bhfeidhm a bhfeidhmeanna.

Áirítear leis an Acht Eitice 2001 freisin oibleagáidí imréitigh cánach do dhaoine a cheaptar chuig oifig shinsearach i.e. leibhéal Leas-Ard-Rúnaí agus os a chionn sa státseirbhís.

Foilsíonn an [Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí](#) treoirínte faoi na hAchtanna um Eitic, do sheirbhísigh phoiblí fhorordaithe chomh maith le sealbhóirí Oifige (i.e. Airí, Airí Stáit, etc.) chun a chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais na reachtaíochta. Tá príomhriachtanais na nAchtanna um Eitic leagtha amach mar seo a leanas:

## ▪ Tuairisceáin Bhliantúla ar Ráitis Leasa

Ní mór do dhuine a bhfuil post forordaithe aige faoi na hAchtanna um Eitic ráiteas leasa a chomhlánú agus a chur ar fáil don Ard-Rúnaí faoin 31 Eanáir gach bliain maidir le haon tréimhse sa bhliain roimhe sin ina raibh post ainmnithe fostaíochta sa Roinn ag an duine lena mbaineann.

## ▪ Ráitis um Leas Ábhartha

I gcás ina bhfuil feidhm oifigiúil de phoist ainmnithe fostaíochta le comhlíonadh agus go bhfuil leas ábhartha ag duine a bhfuil an post sin acu nó ag duine ‘bainteach’ (m.sh. gaol, páirtneir sibhialta nó comhláí gnó) sa scéal, ní mór don duine gan an fheidhm a chomhlíonadh agus ní mór dóibh ráiteas ar na fíricí a thabhairt don Ard-Rúnaí. Má tá sé ar intinn ag an duine an fheidhm a chomhlíonadh, toisc go bhfuil cúiseanna láidre acu sin a dhéanamh, ní mór dóibh ráiteas ar na cúiseanna láidre a thabhairt don Ard-Rúnaí. Ní thugtar ráitis faoi dhaoine a bhfuil poist ainmnithe fostaíochta acu don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

Tá comhlíonadh ag daoine forordaithe faoi na hAchtanna seo sa Roinn seo á bhainistiú go gníomhach ag Aonad Acmhainní Daonna na Roinne.

### 1.7.2 Nochtadh Cosanta

Tá doiciméad na Roinne [Treoir ar Nochtadh Cosanta a Thuairisciú san Ionad Oibre](#), de réir ár n-oibleagáidí faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Leagtar amach go mion sa doiciméad treorach an próiseas trína bhféadfaidh oibrí de chuid na Roinne nochtadh cosanta a dhéanamh, cad a tharlóidh nuair a dhéanfar nochtadh agus cad a dhéanfaidh an Roinn chun an nochtóir a chosaint. Tá an treoir doiciméad seo bunaithe ar threoir DPER dar teideal “*Treoir Reachtúil do chomhlachtaí poiblí agus do dhaoine forordaithe*”

Tá sé mar aidhm ag cultúr agus timpeallacht oibre na Roinne seo fostaí de chuid na Roinne a spreagadh, a éascú agus a thacú le “labhairt amach” ar aon cheist a d’fhéadfadh cur isteach ar chumas na Roinne a ról agus a freagrachtaí a chomhlíonadh ar an gcaighdeán ard a bhfuiltear ag súil leis agus an próiseas, mar atá leagtha amach sa doiciméad treorach, tacaíonn sé leis seo.

Aithníonn an Roinn an tábhacht a bhaineann le hionad oibre eiticiúil a fhorbairt agus an rannchuidiú luachmhar acu siúd a ardaíonn imní faoin éagóir.

Tá an Roinn ina ball den Chlár Ionracas ag an Obair (“IAW”), tionscnamh de chuid Transparency International Ireland. Tá an IAW dírithe ar thimpeallacht oibre níos sábháilte a chur chun cinn do dhaoine a labhraíonn faoin éagóir. Shínigh an tArd-Rúnaí agus an Rúnaí Cúnta le freagracht as an Rannóg Chorpáraideach [Gealltanas an IAW](#).

Éilíonn Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 go bhfoilseofar [tuarascáil bhliantúil](#) maidir leis na nochtuithe cosanta a fhaigheann an Roinn.

Achtaíodh an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 i mí Iúil 2022. Le hAcht 2022 leasaítear an dlí náisiúnta um chosaint sceithirí atá ann cheana féin – an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 (“Acht 2014”) – chun éifeacht a thabhairt d’fhorálacha Threoir

an AE 2019/1937. Déantar foráil sa Treoir seo do shraith íoschaighdeáin chun sceithirí a chosaint ar fud an Aontais Eorpaigh.

Tá doiciméid treorach na Roinne ar aon dul le treoir DPENDPDR.

### 1.7.3 Brústocaireacht a Rialáil

Cuireadh tús leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (“Acht 2015”) an 1 Meán Fómhair 2015. D’fhoilsigh an Roinn, ar líne, [liosta d’Oifigigh Phoiblí Ainmnithe](#) mar a cheanglaítear faoi Acht 2015.

Foráiltear le halt 5(7) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 “go n-ullmhóidh agus go bhfoilseoidh an tAire Caiteachais Phoiblí Sheachadha PFN agus Athchóirithe cód, ar a dtabharfar an “Cód Trédhearcachta”, a leagann amach conas comhlachtaí poiblí ábhartha áirithe” (Rialachán den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015), amhail grúpaí comhairleacha aireachta, grúpaí oibre áirithe etc. a ngníomhaíochtaí a sheoladh ar bhealach trédhearcach.

Trí chloí leis an gCód Trédhearcachta, shásódh cumarsáidí laistigh de na comhlachtaí sin an díolúine ón gceanglas maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chlárú agus tuairisciú a dhéanamh orthu. Tá sonraí na nGrúpaí Oibre laistigh den Roinn atá díolmhaithe faoin gCód Trédhearcachta ar fáil ar [gov.ie](#).

### 1.7.4 Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí i bhfeidhm in 2018. Forálann an RGCS agus an tAcht araon do chur chuige “priacal-bhunaithe” maidir le cosaint sonraí. Ciallaíonn sé seo go gceanglaítear ar rialtóirí agus ar phróiseálaithe aonair bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú – agus chun a bheith in ann a léiriú – go bhfuil a bpróiseáil sonraí pearsanta i gcomhréir leis na caighdeáin níos airde; chun críocha measúnú a dhéanamh ar rioscaí den sórt sin, ceanglaítear orthu aird a thabhairt ar chineál, ar raon feidhme, ar chomhthéacs agus ar chuspóirí na próiseála agus ar na rioscaí a bhaineann le dóchúlachtaí agus déine éagsúla a d’fhéadfadh teacht as sin do chearta agus saoirsí daoine aonair.

Mar rialaitheoir sonraí, tá raon beartas um Chosaint Sonraí agus Príobháideacht foilsithe ag an Roinn. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) ainmnithe aige freisin mar a cheanglaítear faoi Airteagal 37 den RGCS. Tá tuilleadh faisnéise ar bheartais agus nósanna imeachta cosanta sonraí na Roinne agus sonraí teagmhála dá DPO ar fáil [anseo](#).

### 1.7.5 Rialachas Sonraí

Is é an tAonad Comhlíonta Sonraí & Tacaíochta a stiúran agus a chomhordaíonn forfheidhmiú na ngníomhartha laistigh de [Straitéis Sonraí](#) na Roinne d’fhonn luach na sonraí a uasmhéadú chun fianaise a sholáthar mar bhonn agus mar thaca ag beartais, seirbhísí agus oibríochtaí na Roinne. Is é ceann de na gníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2022 ná ‘treoir straitéiseach níos fearr a sholáthar maidir



le rialachas, bainistíocht agus úsáid sonraí na Roinne'. Leagtar amach sa Straitéis Sonraí conas a dhéanfaidh an Roinn a dícheall é seo a bhaint amach agus aithníonn sí ceithre phríomhchuspóir chun a fíis maidir le 'Sonraí den Chéad Scoth don Oideachas' a sheachadadh mar a leanas:

- Acmhainn agus Cumas Sonraí a Fhorbairt
- Bainistíocht Sonraí a Láidriú
- Comhae a Bhaineann le Sonraí a Láidriú
- An Úsáid agus an Luach is Mó a bhaint as Sonraí

### 1.7.6 Bainistíocht Faisnéise

Cruthaíonn an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise ceart ginearálta rochtana ar thaifid atá i seilbh comhlachtaí poiblí (lena n-áirítear an Roinn Oideachais), agus é frithchothromaithe ag forálacha díolúine a chosnaíonn cineálacha sonraíthe faisnéise. D'fhoilsigh an tAonad Comhlíonta agus Tacaíochta Sonraí [raon treorach](#) maidir le Saoráil Faisnéise.

Comhlíonann an Roinn freisin ceanglais bhainistíochta taifead faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus um an gCartlann Náisiúnta. Tá [polasaithe agus treoirínte](#) ar fáil ar an inlíon.

### 1.7.7 Beartas TFC

Tá polasaithe inmheánacha na Roinne maidir le húsáid a teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar fáil ar leathanach inlíon an Aonaid TF <http://intranet/info/itunit>.

Is é cuspóir an pholasaí TFC leanúnachas na bainistíochta gnó a chinntiú agus cur isteach ar ghnó a laghdú trí iarmhairtí teagmhas slándála a chosc agus a íoslaghdú agus rúndacht, sláine agus infhaighteacht faisnéise a chosaint.

Éilíonn an Roinn go gcaithfidh polasaí TFC a sócmhainní digiteacha a chosaint ó bhagairtí slándála. Tá sé ríthábhachtach córais faisnéise an DOE a chosaint chun seachadadh slán seirbhíse do shaoránaigh a chothabháil agus chun muinín agus muinín soláthraithe a chothabháil.

Eascraíonn bagairtí slándála ó raon leathan foinsí, lena n-áirítear calaois ríomhchuidithe, spaireacht thionsclaíoch, sabotáiste, loitiméireacht agus tubaistí nádúrtha. Is samplaí iad víris ríomhaireachta, hack mí-eiticiúil agus ionsaithe diúltaithe seirbhíse de na bagairtí a tháinig chun cinn le linn oibriú thar an Idirlíon. Tá bagairtí den chineál seo ag éirí níos coitianta, níos uailmhianaí agus níos sofaisticiúla.

Chun cabhrú leis an gcineál seo bagairtí slándála a chosaint, tá na beartais TFC inmheánacha seo a leanas forbartha ag an Roinn Comhshaoil:

- Beartas Slándála Faisnéise
- Beartas Úsáid TFC

Scríobhadh na beartais inmheánacha seo chun meicníocht a chur ar fáil chun nósanna imeachta a bhunú chun cosaint i gcoinne bagairtí slándála agus chun tionchar teagmhas

slándála a íoslaghdú. Leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais seo ar bhonn leanúnach d'fhonn iad a choinneáil ar aon dul le caighdeáin slándála dea-chleachtais.

## 1.8 Cumarsáid

Glacann an Roinn cur chuige réamhghníomhach i leith na cumarsáide, agus tá struchtúir i bhfeidhm chun tacú le cumarsáid éifeachtach le raon leathan páirtithe leasmhara. Aithnítear cumarsáid agus comhairliúchán mar ghné lárnach d'fhorbairt agus d'fheidhmiú éifeachtach polasaí.

Oibríonn an Roinn leis na páirtithe leasmhara go léir chun cumarsáid a fheabhsú go leanúnach, le béim ar leith ar chumarsáid shoiléir leis an gcóras scoile. Glacann sé ról réamhghníomhach ina leith seo. Is iad na prionsabail faoina n-oibríonn sé ná a chinntiú:

- faisnéis macánta, chruinn a sheachadadh ar bhealach oscailte, éifeachtach agus tráthúil
- faisnéis shoiléir inrochtana, a sholáthraítear ar bhealach a fhreastalaíonn ar riachtanais an lucht éisteachta/féachana ábhartha, lena n-áirítear sainriachtanais inrochtaineachta agus teanga shoiléir
- úsáid a bhaint as raon cainéal agus ardán chun teacht ar lucht féachana leathan agus a chinntiú go scaiptear teachtaireachtaí go cuí.

### 1.8.1 Teagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha

Tá go leor páirtithe leasmhara ag an Roinn. Cé gurb iad foghlaimeoirí príomhchustaiméirí an phróisís oideachais, tá roinnt príomhchustaiméirí/geallsealbhóirí eile ann, ar a dtugtar *comhpháirtithe oideachais* le chéile – scoláirí, tuismitheoirí, scoileanna agus ionaid oideachais, ceardchumann agus comhlachtaí bainistíochta, comhlachtaí pátrúnachta, ionadaithe gnó, an pobal áitiúil agus comhlachtaí Stáit eile. Is gné leabaithe den bheartas oideachais é an cur chuige comhpháirtíochta agus téann an Roinn i mbun comhairliúcháin fairsing go rialta ar go leor saincheisteanna.

Tá an Roinn tiomanta d'oscailteacht agus do thrédhearcacht i ngach gné dá cuid oibre. Cuimsíonn sé seo an chaoi a gcuirtear beartas le chéile go dtí an teagmháil leis an bpobal, le páirtithe leasmhara agus leis an Oireachtas agus leis na meáin.

Glacann an Roinn cur chuige réamhghníomhach maidir le foilsiú raon leathan faisnéise oifigiúil ar bhealach oscailte inrochtana agus spreagann sí í a athúsáid. Foilsítear an fhaisnéis a tháirgeann an Roinn go rialta ar [gov.ie/education](http://gov.ie/education) trí Chatalóg Sonraí na Seirbhíse Poiblí agus ar Thairseach Sonraí Oscailte na seirbhíse poiblí. Is féidir teacht ar Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise na Roinne [anseo](#).

Cuireann an Roinn luach ard ar chumarsáid éifeachtach ardchaighdeáin agus tugann sí tosaíocht do phróisís rannpháirtíochta agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Baintear é seo amach trí chruinnithe rialta agus próisís chomhairliúcháin fhoirmiúla, lena n-áirítear grúpaí oibre, fóraim chomhairliúcháin, tascfhórsaí agus coistí. Bunaítear iad seo agus coinnítear iad de réir mar is gá, chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara ábhartha a lorg maidir le forbairt agus/nó athbhreithniú ar bheartais, straitéisí agus curaclam na Roinne trasna na hearnála oideachais.

Freagraíonn an Roinn na céadta fiosrúchán ó na meáin go bliantúil, ag soláthar freagraí pras agus cruinne, chomh maith le faisnéis a sholáthar do na meáin ar raon clár agus tionscnamh chun a chinntiú go scaiptear go forleathan iad.

Coinníonn an Roinn faisnéis shoiléir agus chruinn, deartha ar bhealach atá dírithe ar an saoránach agus a chuirtear ar fáil go dátheangach ar a príomh-ardán, [gov.ie/education](http://gov.ie/education). Cuirtear breis leis seo le feachtais chumarsáide ar leith thar bhealaí meán sóisialta, lena n-áirítear a cainéil Twitter, YouTube agus LinkedIn. Baintear úsáid as fógraíocht sna meáin thraidisiúnta agus shóisialta chun eolas tábhachtach a scaipeadh de réir mar is gá.

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtach agus chúirtéiseach a sholáthar dár gcustaiméirí go léir, ag soláthar agus ag seachadadh seirbhíse den chaighdeán is airde de réir na 12 Phrionsabal um Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Caitheann an Roinn go cothrom lena custaiméirí go léir agus déanann sí gach iarracht a chinntiú go bhfreagraíonn na seirbhísí a chuirtear ar fáil dá riachtanais agus dá n-ionchais.

Ráiteas poiblí is ea an [Chairt do Chustaiméirí](#) maidir leis na leibhéil seirbhíse is féidir le custaiméirí a bheith ag súil leo agus iad ag déileáil leis an Roinn seo.

Ceapadh na [Nósanna Imeachta um Ghearáin](#), lena n-áirítear nósanna imeachta um achomhairc, chun cuidiú lenár gcustaiméirí gearán a dhéanamh sa chaoi is gur féidir linn freagairt agus, más féidir, rudaí a chur ina gceart.

Bainfidh na caighdeáin cháilíochta seirbhíse custaiméara a ghlacfaidh an Roinn maidir le seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí freisin leis na seirbhísí sin atá geallta ag an Roinn a sholáthar i nGaeilge faoin scéim seo.

Foráiltear le halt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

Tá [scéim na Roinne](#) ullmhaithe i gcomhthéacs na dTreoirínte atá eisithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 i ndlí i mí na Nollag 2021. Nuair a bheidh sé curtha i bhfeidhm go hiomlán, tiocfaidh córas de chaighdeáin teanga in ionad na scéime teanga. Go dtí sin, leanann an Roinn ag feidhmiú faoin scéim teanga reatha.

### 1.8.2 Cumarsáid Inmheánach

Is é cuspóir na Roinne don chumarsáid inmheánach ná comhsheasmhacht, comhtháiteacht, ardchaighdeán, feabhsú eolais agus feasacht a chinntiú chun tacú lena misean.

Tá cumarsáid inmheánach aitheanta ag an mBord Bainistíochta mar thoisc ratha dhílis dár misean agus chuir sé an ghné seo de sheachadadh seirbhíse chun cinn i bpleanáil gnó agus i bhfórait eile.

Tá cumarsáid inmheánach mar thosaíocht ag gach leibhéal den eagraíocht, agus táthar ag súil go dtionólfadh gach bainisteoir líne cruinnithe rialta foirne agus seisiúin faisnéise agus pleanála. Tugtar tacaíocht do bhainisteoirí líne chun cumarsáid leanúnach laistigh d'fhoirne a chinntiú.

Tá riosca mar chuid den timpeallacht inmheánach agus sheachtrach ina bhfeidhmíonn an Roinn. Tá an Roinn Oideachais nocha do raon imeachtaí féideartha a chuirfeadh isteach, dá dtarlódh siad, ar an dóchúlacht go gcomhlíonfadh an Roinn a gealltanais agus a oibleagáidí polasaí agus seirbhíse. Is éard atá i gceist le bainistiú na dteagmhas riosca seo ná iad a aithint, measúnú a dhéanamh ar a ndóchúlacht agus a dtionchar féideartha ar chuspóirí na Roinne, agus bearta maolaithe a ghlacadh ina gcoinne, trí laghdú a dhéanamh ar a dóchúlacht nó a dtionchar. Mar gheall ar bhainistiú riosca éifeachtach tá an Roinn níos cumasaí chun freagairt d'fhadhbanna a thagann chun cinn.

Tá gach Ceann Aonaid freagrach go fóill as bainistíocht riosca ag an leibhéal oibriúcháin. Ceanglaítear ar Chinn Aonaid, mar chuid den phróiseas pleanála gnó, rioscaí dá réimse freagrachta ar leith a aithint agus a mheasúnú. Is éard atá i gceist leis seo a chinntiú go gcuirtear san áireamh iad sa chlár rioscaí, bearta maolaithe cuí a dhéanamh, agus monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le rioscaí ar bhonn leanúnach. Faomhann an Ceann Aonaid na rioscaí go léir a thaifeadtar ar an gclár riosca, agus cuirtear rioscaí measartha agus móra ar aird an Choiste Riosca agus an Choiste Iniúchta. Toisc gur doiciméad neamhstatach é an clár rioscaí, déantar é a nuashonrú de réir mar is gá.

Déantar rioscaí na Roinne a thaifeadadh ar an bhfeidhmchlár don Chlár r-Riosca atá forbartha ag Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO), faoin snáithe Tógáil le Comhroinnt de Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí.

Is iad Seirbhísí Corparáideacha a riarann an clár r-Riosca, agus soláthraítear rochtain ar an gClár r-Riosca do ghráid an Phríomhoifigigh Chúnata agus os a chionn. Féadfar ceadanna rochtana a sholáthar freisin do bhaill foirne eile, chun gníomhú mar chomhordaitheoirí riosca arna n-ainmniú ag na Cinn Aonaid dá sainréimse gnó.

### 4.6.1 Coiste Riosca

Tá Coiste Riosca bunaithe ag an Roinn atá ina fhochoiste den Bhord Bainistíochta. Is é an ról atá aige ná comhairle a chur ar an mBord Bainistíochta ar straitéis bhainistíochta riosca agus ar fhorbairt creatlach cuí de bheartais, de nósanna imeachta agus de chórais chun tacú le bainistíocht riosca sa Roinn.

## 4.7 Bainistíocht Soláthair

Tá an t-Aonad Beartais Soláthair i Seirbhísí Corparáideacha freagrach as tuairisciú ar chomhlíonadh oibleagáidí soláthair an Rialtais agus reachtúla mar chuid den timthriall airgeadais bliantúil. Tá na Cinn Aonaid freagrach as gníomhaíochtaí a aimsiú laistigh dá sainchúram buiséid, agus cuireann siad sonraí faoi eisceachtaí soláthair isteach mar chuid dár n-aighneacht cuntais bhliantúla. Soláthraíonn aighneacht an Chuntais Leithreasa deimhniú, cé is moite de dhíolúintí tuairiscithe, go bhfuil oibleagáidí soláthair poiblí á gcomhlíonadh ag an Roinn agus tá sé seo deimhnithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta (Ard-Rúnaí). Tionóltar an Coiste Athbhreithnithe Soláthair, ar fochoiste den Bhord Bainistíochta é, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna soláthair a chuirtear isteach, áit a bhféadfadh gá a bheith le gníomh soláthair eisceachtúil.



Tá an dualgas atá ar Ranna conarthaí agus creataí lárnacha a úsáid leagtha amach i [gCiorclán 13/2016 ó DPENDPDR](#) faoi thionscnamh luach ar airgead. Cuirtear úsáid na socruithe seo chun cinn tríd an Aonad Beartais Soláthair faoi shainchúram na Seirbhísí Corparáideacha trí fhógraí agus deiseanna soláthair a scaipeadh go rialta.

Tá sé de dhualgas ar bhainisteoirí ar fud na Roinne faoi Fhógra Oifige 01/2020 gach conradh le haghaidh earraí agus seirbhísí os cionn luach €2,000 a chlárú ar Chlár na gConarthaí agus na conarthaí seo a bhainistiú go cuí.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Roinn Bord an Chláir um Sholáthar Oideachais lena mbunaítear rialachas tras-earnála ar athchóiriú soláthair. Tá an Bord seo ag obair leis na ceannairí ó scoileanna, Boird Oideachais agus Oiliúna, Institiúidí Ardoideachais agus na soláthraithe seirbhíse ar nós an Oifige um Sholáthar Rialtais, an tSeirbhís um Sholáthar Oideachais, an tAonad um Sholáthar Scoileanna, an tAonad Pleanála agus Tógála agus HEAnet chun úsáid na samhlach soláthair láraithe a chur chun cinn. Féachann sé freisin le bearnaí a aithint sna seirbhísí reatha agus eagraíonn sé réitigh láraithe nuair is féidir, mar iarracht feabhas leanúnach a chur ar chomhlíonadh soláthair ar fud na hearnála.

## 4.8 Creat Comhlíonta

Tá Creat Comhlíonta ar bun ag an Roinn a shainaithníonn foinse na n-oibleagáidí comhlíonta atá ag an Roinn agus ina bhfuil, laistigh den Roinn, freagracht as comhlíonadh.

## Caibidil 5: Comhlachtaí neamhthráchtála faoi choimirce na Roinne

### 5

Cinntíonn dea-rialachas oscailteacht, próisis éifeachtacha comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíocht chuimsitheach le geallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Rialachas agus Maoirseacht Sheachtrach ar Chomhlachtaí Neamhthráchtála faoi choimirce na Roinne

Ag eascairt as Cinneadh an Rialtais chun DFHERIS a bhunú, aistríodh seacht gcomhlacht faoi choimirce ó oidhreacht na Roinne Oideachais agus Scileanna go DFHERIS faoi Ionstraim Reachtuil Uimhir 451 de 2020. Tá an Roinn Oideachais ag leanúint ar aghaidh ag éascú seachadadh seirbhísí comhroinnte, sa rialachas, chuig DFHERIS.

Ó Mheán Fómhair 2022 tá deich gcomhlacht stáit faoi choimirce na Roinne Oideachais. Dúnadh an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) le héifeacht ó Mheán Fómhair 2022, agus tá a dhualgais á lárú sa Roinn Oideachais.

Déanann aonaid bheartais ábhartha laistigh den Roinn maoirseacht ar na deich gcomhlacht coimirce seo agus tacaítear leo ó aonaid ábhartha eile ar fud na Roinne lena n-áirítear Aonad Rialachais Earnála na Roinne.

Is iad seo a leanas go príomha a chinneann an caidreamh idir Ranna Rialtais agus comhlachtaí neamhthráchtála atá faoina gcoimirce:

- an reachtaíocht lena mbunaítear an comhlacht, agus
- na ceanglais atá leagtha amach sa [Chód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit \(2016\)](#).

Tá meicníochtaí éagsúla rialaithe agus cuntasachta in úsáid ag aonaid fhreagracha ar fud na Roinne chun críocha bainistiú a dhéanamh ar chomhlachtaí a thuiriscíonn dóibh. Féadfaidh Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse agus Meabhráin Tuisceana a bheith san áireamh sna meicníochtaí seo.

#### 5.1 Comhlachtaí atá Cuntasach do chomhlachtaí eile de chuid na Roinne Oideachais

Chomh maith le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne go díreach, tá castacht bhreise sa chaidrimh idir an Roinn agus catagóirí sonracha comhlachtaí. Tá socrú tuairiscithe freisin ag na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) a thuiriscíonn don Roinn Oideachais le SOLAS, a oibríonn, ó aistríodh feidhmeanna Roinne, faoi choimirce DFHERIS.

## 5.2 Rialachas agus Maoirseacht Sheachtrach ar Chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Tá an Roinn á threorú ag an gCód Cleachtas DPENDPDR 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit a tháinig i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2016.

Leagann Cód Cleachtas 2016 síos creat de cheanglais mhaoirseachta agus chomhlíonta do Ranna Rialtais agus do chomhlachtaí faoi choimirce araon. Feidhmíonn an Cód i gcomhar leis na forálacha reachtacha a rialaíonn an Comhlacht Stáit, agus forálacha reachtacha i réim i gcás aon neamhréireachta nó coinbhleachta a eascraíonn i gcur i bhfeidhm an Chóid. Soláthraíonn Cód 2016 creat chun dea-chleachtas i rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm do Chomhlachtaí Stáit agus ceanglaítear ar na Comhlachtaí a dheimhniú don Aire go gcomhlíonann siad an cód seo ina rialachas agus ina gcleachtas.

D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadha PFN agus Athchóirithe (DPENDPDR) larscríbhinn nua ar Chomhardú Inscne, Éagsúlacht, agus Cuimsiú chun cur leis an gCód Cleachtas reatha. i mí Mheán Fómhair 2020. Leagtar amach san [larscríbhinn](#) bearta atá deartha chun éagsúlacht a fheabhsú ar Bhoird Stáit agus tugtar aghaidh ar mholtaí a rinne Grúpa Idir-Rannach ar Chomhardú Inscne ar Bhoird Stáit. I bhfómhar na bliana 2020 freisin d'fhoilsigh DPENDPDR Treoir d'Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (PCR) ar Chomhlachtaí Stáit Neamhthráchtála chun cur le Cód 2016.

Leanann an Roinn ag obair lena comhlachtaí coimirce chun a chinntiú go gcomhlíontar na coinníollacha maoirseachta atá leagtha amach sa Chód Cleachtas. Nuair is cuí, tá maoluithe teoranta ó thaobh ama nó maoluithe iomlána ó ghnéithe den Chód aontaithe agus doiciméadaithe d'fhonn ceanglais an Chóid i dtaca le “comhlíonadh nó míniú” a shásamh.

De réir choinníollacha Chód Cleachtas 2016, tá Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta (nó, nuair is cuí, comhaontuithe foirmiúla ábhartha eile) i bhfeidhm ag an Roinn lena comhlachtaí. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair ar fhorbairt socruithe tuairiscithe láidre a chur chun cinn lena comhlachtaí agus gníomhaireachtaí chun feidhmíocht a bhainistiú agus maoirseacht rialachais a fheabhsú, lena n-áirítear freagrachtaí a bhaineann le rialachas a ainmniú go soiléir i leith na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí seo. Is é cuspóir na gComhaontuithe Seachadta Feidhmíochta ná a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach agus costas-éifeachtach chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar don phobal.

Chomh maith le gach comhlacht faoi choimirce ag tuairisciú chuig aonad freagrach cuí de chuid na Roinne, tá Coiste de chuid an Bhoird Bainistíochta ar Rialachas Earnála agus Cuntasacht i bhfeidhm ó 2014 chun treoir, forbairt agus feabhsú a dhéanamh ar ról maoirseachta na Roinne ar rialachas agus comhlíonadh na gcomhlachtaí coimirce. Tugann an Príomhoifigeach agus oifigigh Rialachais Earnála sna Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht freisin do Choiste an Bhoird Bainistíochta ina chuid oibre.

Leanann Rialachas Earnála ar aghaidh ag obair i dtreo creat feabhsaithe rialaithe maoirseachta a sheachadadh lena chinntiú go bhfuil breithmheasanna cuí, agus córais

mhaoirseachta comhréireacha agus réasúnta i bhfeidhm ag féachaint do bhuiséid/cohórt foirne sna comhlachtaí ábhartha faoi choimirce.

Leanann Rialachas Earnála le hathbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid is atá na ceanglais tuairiscithe agus chomhlíonta reatha, mar aon leis an ról maoirseachta gaolmhar ar aonaid líne, ina maoirseacht bainistíochta fhíor, éifeachtach agus struchtúrtha agus soláthraíonn sé dearbhú don oifigeach cuntasaióchta maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta atá i bhfeidhm. Roinneadh samplaí de dheachleachtas a aithníodh mar chuid den phróiseas seo le comhghleacaithe a dhéanann maoirsiú ar an earnáil oideachais chomh maith leis na comhlachtaí coimirce chun cabhrú le ceachtanna a aithint a bhfuil feidhm lárnach acu.

### **Bearta Tréimhsiúla Comhlíonta**

Ag teacht leis na hoibleagáidí faoi Alt 8.14 de Chód Cleachtais DPENDPDR, tá Rialachas Earnála ag cabhrú faoi láthair le seachadadh chéad Athbhreithniú Tréimhsiúil Criticiúil na Roinne. Tá sé i gceist úsáid a bhaint as an méid a foghlaimíodh ón gcéad phróiseas seo chun cur chuige a threorú do chlár leanúnach PCR.

### **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach na Foirne**

Leanann an Roinn le leas a bhaint as ballraíocht an Fhórait Rialachais do Státseirbhísigh agus Seirbhísigh Phoiblí. Cuireann an fóram atá á reáchtáil ag an bhForas Riaracháin an dea-rialachas chun cinn agus cabhraíonn sé leis an Roinn soláthar comhairle agus tacaíochtaí faisnéise tráthúil chun dea-rialachas a fheabhsú agus cuidíonn sé le forbairt ghairmiúil leanúnach fhoireann na Roinne.

### **Comhlachtaí Neamhthráchtála faoi choimirce na Roinne**

Tá 10 gcomhlacht neamhthráchtála faoi choimirce na Roinne Oideachais:

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- Ionad Taighde Oideachais (ERC)
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)
- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (CICA)
- An Bord Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe (RIRB)
- An Coiste Athbhreithnithe ar Fhorais Chónaithe (RIRC)
- Bord an Chiste Reachtúil um Fhorais Chónaithe (RISF) Caranua
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)

In Aguisín C soláthraítear tuilleadh sonraí sonracha maidir leis na 10 gcomhlacht, lena n-áirítear:

- Struchtúir rialachais, bainistíochta agus tuairiscithe;
- Duine Cuntasach sa chomhlacht faoi choimirce ábhartha;
- Rúnaí Cúnta ábhartha agus Ceann Aonaid Idirchaidrimh na Roinne;
- Státchiste nó foinse maoinithe eile;
- Creat reachtach rialaithe (nuair is iomchuí); agus

- Feidhmeanna, cearta nó dualgais na Roinne/an Aire.

### 5.3 Mairseacht ar phróiseas ceapacháin na mBord Stáit

I bhfianaise nádúr éagsúil na mBord Stáit atá faoi choimirce na Roinne, cé go bhfuil freagracht ar Aonaid aonair as mairseacht a dhéanamh ar Chomhlachtaí Stáit ó lá go lá, cuireann Aonad Rialachais Earnála na Roinne comhairle ar na hAonaid maidir leis an bpróiseas ceapacháin chuig Boird Stáit.

Toisc go bpróiseáiltear ceapacháin Boird Stáit trí chóras measúnaithe atá deartha agus curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS), ceanglaítear ar an Roinn Oifigeach Idirchaidrimh do Bhoird Stáit (SBLO) a bheith aici chun idirchaidreamh a dhéanamh le PAS agus le foireann inmheánach na Roinne atá ainmnithe chun gníomhú mar Oifigigh Idirchaidrimh PAS. Feidhmíonn Príomhoifigeach Rannán Seirbhísí Corparáideacha na Roinne faoi láthair mar Oifigeach Idirchaidrimh idir an Roinn agus PAS.

Tar éis fhoilsiú treoirínte DPENDPDR maidir le ceapacháin chuig Boird Stáit, chuir an Rannán Seirbhísí Corparáideacha [Fógra Oifige CDU 01/15](#) ar fáil chun treoir a thabhairt d'fhoireann na Roinne ar na nósanna imeachta cuí le leanúint agus ceapacháin dhíreacha Aireachta agus ainmniúcháin do Bhoird Stáit á ndéanamh.

Coinníonn Rialachas Earnála suíomh inmheánach Inlín freisin ina bhfuil sraith d'ábhar teorach mar aon le sonraí reatha maidir le ballraíocht Boird agus sonraí teagmhála ábhartha do chomhlachtaí faoi choimirce. Foilsítear príomhfhaisnéis na mBord Stáit ar shuíomh gréasáin na Roinne freisin.

## Aguisín A – Beartais Chorpharáideacha

Seo a leanas liosta de bheartais chorpharáideacha, nósanna imeachta, ciorcláin agus fógraí oifige chun tacú leis an bhfoireann a gcuid dualgas a chomhlíonadh de réir phrionsabail an dea-rialachais

- [Nós imeachta casaoide](#)
- [Cód Araíonachta na Státseirbhíse leasaithe de réir Acht Rialaithe na Státseirbhíse \(Leasú\) 2005 19/2016](#)
- [Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse](#)
- [Ciorclán 09/2009: Státseirbhísigh agus Iompar i nGníomhaíocht Pholaitiúil](#)
- [Beartas Slándála Faisnéise](#)
- [Cód Cleachtas um Chosaint Sonraí Pearsanta](#)
- [“Dínit ag an Obair” polasaí frithbhulaíochta, ciapadh agus gnéaschiapadh do Státseirbhís na hÉireann](#)
- [Treoirlínte maidir le comhlíonadh fhoráil na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí](#)
- [An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015](#)
- [Beartas um Chosaint Sonraí](#)
- [Cód Cleachtas um Shaoráil Faisnéise \(SF\).](#)
- [Beartas Úsáide Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide \(TFC\).](#)
- [Beartas maidir le Fóin Póca](#)
- [Treoir maidir le Nochtadh Cosanta - nochtadh don Fhostóir](#)
- [Treoir maidir le Nochtadh Cosanta - nochtadh don Aire](#)
- [An gealltanais maidir le hionracas ag an obair](#)
- [Cód Caiteachais Phoiblí](#)
- [Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht na nArd-Rúnaithe \('Tuarascáil Mullarkey'\)](#)
- [Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí](#)
- [Plean Athnuachana na Státseirbhíse](#)
- [Straitéis um Athnuachan na Státseirbhíse 2030 - 'Ag Tógáil ar ár Láidreachtaí'](#)
- [Beartas Bainistíochta Taifead](#)
- [An tAcht Airí agus Rúnaithe 1924-2013](#)
- [An tAcht um Bainistíocht na Seirbhísí Poiblí \(1997\)](#)
- [Beartas Bainistíochta Riosca](#)
- [Beartas Tearcfheidhmíochta na Státseirbhíse: Ciorclán 24/2016](#)
- [Ráiteas um Chosaint Leanaí](#)
- [Cód Cleachtas maidir le Ceapachán chuig Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí](#)
- [Cód Cleachtas maidir le Ceapacháin Neamhthipiciúla chuig Poist sa Státseirbhís agus i gComhlachtaí Poiblí Áirithe](#)
- [Cód Cleachtas chun Daoine faoi Mhíchumas a Cheapadh chuig Poist sa Státseirbhís agus i gComhlachtaí Poiblí Áirithe](#)

## Aguisín B – Liosta Fochoistí an Bhoird Bainistíochta

Coiste	Téarmaí Tagartha	Cathaoirleach, Minicíocht na gCruinnithe & Rúnaíocht
<b>Éigeantach</b>		
An Coiste Athbhreithnithe Soláthair	Déanann an Coiste Athbhreithnithe Soláthair (PRC) athbhreithniú ar fhoinsiú os cionn €25,000 gan próiseas iomaíoch. Cuirtear bainisteoirí agus baill foirne ar an eolas faoina n-oibleagáidí soláthair, bearta rialaithe inmheánaigh agus ceanglais rialachais PRC.	Gavan O'Leary  Tagann an grúpa le chéile 3-4 uair sa bhliain nó de réir mar is gá  Rúnaíocht curtha ar fáil ag an Aonad Beartais Soláthair.

<b>Rialachas Inmheánach</b> <i>[Is buanchoistí iad seo a dhéanann maoirsiú ar fheidhmeanna leanúnacha na Roinne.]</i>		
Coiste	Téarmaí Tagartha	
An Bord Straitéise Punann, Clár & Tionscadal (P3).	Struchtúr tras-rannach, tras-rannán, le hionadaíocht sheachtrach, ag tacú le Boird Bhainistíochta na Roinne Oideachais agus na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun seachadadh na ngníomhartha ábhartha ina Ráitis Straitéise, sa Chomhstraitéis Dhigiteach & TFC agus sna tosaíochtaí corparáideacha a thiomáint mar a bhaineann siad le cláir agus tionscadail TFC agus seirbhísí comhroinnte, ag aithint go mbaintear bunathrú eagraíochtúil amach trí Dhaoine, Próiseas agus Teicneolaíocht.	Deirdre McDonnell  Tagann an grúpa le chéile gach dhá mhí nó de réir mar is gá  Rúnaíocht curtha ar fáil ag PMO Oibríochtaí Móra
An Coiste um Rialachas agus Cuntasacht	Bunaíodh an coiste seo chun ról maoirseachta na Roinne a fhorbairt agus a fheabhsú maidir le rialachas	An t-Ard-Rúnaí sa Chathaoir  Tagann an grúpa le chéile dhá uair sa bhliain

	na ngníomhaireachtaí atá faoina choimirce.	Rúnaíocht curtha ar fáil ag an Aonad Rialachais Earnála
Coiste Riosca	Bunaíodh an coiste chun comhairle a chur ar an mBord Bainistíochta maidir le straitéis bainistíochta riosca agus maidir le forbairt agus maoirsiú creata cuí de bheartais, nósanna imeachta agus córais chun tacú le bainistíocht éifeachtach riosca laistigh den Roinn.	Deirdre McDonnell  Tagann an grúpa le chéile 3 uair sa bhliain  Rúnaíocht curtha ar fáil ag Seirbhísí Corparáideacha

<b>Coistí Tras-Rannáin a bhaineann go sonrach le beartais</b> <i>[Bunaítear na coistí seo ar bhonn ad-hoc teoranta ó thaobh ama chun saincheisteanna áirithe a scrúdú agus chun moltaí a dhéanamh don Bhord Bainistíochta. Faoi láthair, tá na grúpaí seo a leanas go léir bunaithe agus tá siad ag obair ar thograí ar ábhair éagsúla, a ndéanfaidh an Bord Bainistíochta breithniú orthu.]</i>		
Grúpa Tras-Rannach ar an nGaeilge	Bunaíodh an coiste seo chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt bheartais na Roinne agus ar chur i bhfeidhm gníomhartha a bhaineann leis an nGaeilge i gcomhthéacs Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge 2010-2030.	Ard-Rúnaí  Tagann an grúpa le chéile de réir mar is gá
Grúpa Trasrannach ar Cheannaireacht Scoile	Tá an grúpa seo ag tabhairt aghaidh ar shaincheist na ceannaireachta scoile d'fhonn comhleanúnachas agus comhsheasmhacht na tacaíochta do cheannairí scoile a mhéadú agus deiseanna a aithint chun leas níos éifeachtaí a bhaint as acmhainn reatha agus é a imscaradh agus sineirgí a chruthú.	Ard-Rúnaí  Tagann an grúpa le chéile de réir mar is gá  Rúnaíocht curtha ar fáil ag an gCigireacht
Grúpa Maoirseachta um Chosaint Leanaí	Ní hé cuspóir an GMCL amháin monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Nósanna Imeachta maidir le freagairt d'ábhair imní faoi chosaint leanaí a chuirtear faoi bhráid na mball foirne atá fostaithe ag an Roinn Oideachais ach freisin monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Nósanna Imeachta	Clíodhna O'Neill  Tagann an grúpa le chéile uair sa ráithe  Rúnaíocht curtha ar fáil ag an Aonad Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí



<p><b>Coistí Tras-Rannáin a bhaineann go sonrach le beartais</b></p> <p><i>[Bunaítear na coistí seo ar bhonn ad-hoc teoranta ó thaobh ama chun saincheisteanna áirithe a scrúdú agus chun moltaí a dhéanamh don Bhord Bainistíochta. Faoi láthair, tá na grúpaí seo a leanas go léir bunaithe agus tá siad ag obair ar thograí ar ábhair éagsúla, a ndéanfaidh an Bord Bainistíochta breithniú orthu.]</i></p>		
	<p>um Chaomhnú Leanaí don Bhunscoil agus don Iar-bhunscoil. Scoileanna (2017) ag scoileanna</p>	
<p>Foghrúpa an Bhoird Bhainistíochta – Straitéis agus Pleanáil</p>	<p>Tá an grúpa seo ag cinntiú ailíniú na bpleananna gníomhaíochta bliantúla le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha na Roinne, agus cuireann siad ceannaireacht agus maoirseacht ar fáil do sheachadadh comhleanúnach gealltanais tras-rannach/Rialtais uile. Maoirseacht agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar gach Gníomh agus Tuairisciú ar na Gníomhaíochtaí sin.</p>	<p>Tomás Ó Ruairc</p> <p>Tagann an grúpa le chéile uair sa ráithe</p> <p>Rúnaíocht curtha ar fáil ag Oifig Cláir PSR</p>
<p>Grúpa Bainistíochta na hÚcráine</p>	<p>Soláthraíonn sé rialachas ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta do Chlár na hÚcráine</p>	<p>Cathaoirleach: Tomás O’Ruairc</p> <p>Tagann an grúpa le chéile uair sa choicís</p> <p>Rúnaíocht curtha ar fáil ag Oifig Cláir PSR</p>
<p>Grúpa Stiúrtha Soláthair Múinteoirí</p>	<p>Tá an Grúpa Stiúrtha i gceannas ar aithint na saincheisteanna, ar fhorbairt chlár gníomhartha ar sholáthar múinteoirí agus ar mhaoirsiú ar a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Dalton Tattan</p> <p>Tagann an grúpa le chéile thart ar 4 uair sa bhliain</p> <p>Rúnaíocht curtha ar fáil ag Oideachas Múinteoirí, Soláthar &amp; Digiteach</p>

## Aguisín C – Sonraí maidir leis na 10 gcomhlacht neamhthráchtála atá faoi choimirce na Roinne amhail Meán Fómhair 2022

### Struchtúir rialachais agus bainistíochta agus tuairiscithe

Rúnaí Cúnta	Aonad Líne	Comhlacht neamhthráchtála
Martina Mannion	Oideachas Speisialta	CNOS
Dalton Tattan	Oideachas Múinteoirí	An Chomhairle Mhúinteoireachta
	Curaclam & Measúnú	CSS; CNCM; COGG;
Tomás Ó Ruairc	Láraonad Beartais	ERC
Aoife Conduit	An tAonad Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe	RIRB; RIRC; RISF – CARANUA; CICA

Ainm an Chomhlachta	Ceann Oifige	Aonad Líne agus Rúnaí Cúnta	Foinse Maoinithe Stáitchiste	Reachtaíocht Rialaithe	Feidhmeanna, Cearta nó Dualgais an Aire/na Roinne
<b>An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoileanna (COGG)</b>	Jacqueline Ni Fhearghusa	Beartas Curaclaim agus Measúnachta  Dalton Tattan, Rúnaí Cúnta	Vóta 26 – Fotheideal A.11.2	Alt 31 den Acht Oideachais, 1998	<ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Bunaíodh COGG faoi Alt 31 den Acht Oideachais, 1998 .</li> <li>➔ Déanann an tAonad Beartais Curaclaim agus Measúnaithe maoirseacht ar rialachas COGG de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse mar thaca aige.</li> <li>➔ Tá buiséad COGG faofa go bliantúil ag an Rannóg um Beartas Curaclaim agus Measúnachta sa Roinn Oideachais bunaithe ar chlár oibre bliantúil comhaontaithe.</li> <li>➔ Ceapann an tAire 12 chomhalta ar bhord COGG a fhreagraíonn do théarma Chomhairle CNCM.</li> <li>➔ Faoi láthair tá foireann de cheathrar Státseirbhíseach ag COGG ar iasacht ón Roinn Comhshaoil. Tá cúigear Oifigeach Oideachais ag COGG freisin ar iasacht, ceathrar ar iasacht ón CNCM agus duine amháin ón PDST.</li> </ul>
<b>Ionad Taighde Oideachais (ERC)</b>	Aidan Clerkin (Gníomhach)	Beartas Lárnach  Tomás Ó Ruairc, Rúnaí Cúnta	Arna mhaoiniú ó Vóta 26 – (trí Fhotheideal A.11.7)	IR Uimh 392/2015 An tOrdú um Lárionad Taighde Oideachais (Bunú), 2015 .	<ul style="list-style-type: none"> <li>➔ I mí Mheán Fómhair 2015, bunaíodh an Lárionad Taighde Oideachais mar ghníomhaireacht stáit faoi alt 54 den Acht Oideachais le IR 392/2015, arna leasú le IR Uimh. 309/2017.</li> <li>➔ Déanann an tIonad Taighde Oideachais taighde neamhspleách ar go leor gnéithe den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras. Áirítear leis seo measúnú náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ghnóthachtáil agus ar ghnóthachtáil, lena n-áirítear PISA, meastóireacht ar chlár nua (eg DEIS) agus anailís chriticiúil ar shaincheisteanna oideachais. Cuid mhór d'obair an Ionaid is ea tástálacha caighdeánaithe agus uirlisí measúnaithe eile a fhorbairt a chuireann sé ar fáil do scoileanna trí Roinn Trialacha an Ionaid.</li> <li>➔ I gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016), is é an Láraonad Beartais a dhéanann maoirseacht ar rialachas an ERC.</li> <li>➔ Déantar buiséad an ERC a fhaomhadh go bliantúil bunaithe ar chlár oibre bliantúil comhaontaithe laistigh de Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta</li> <li>➔ I dteannta leis an leithdháileadh buiséid bhliantúil faigheann an ERC ioncam ó dhíolachán ábhar tástála. Tá an t-ioncam seo mar chuid de bhuiséad an ERC.</li> <li>➔ Cuirtear cuntais an ERC faoi bhráid Thithe an Oireachtais.</li> </ul>

Ainm an Chomhlachta	Ceann Oifige	Aonad Líne agus Rúnaí Cúnta	Foinse Maoinithe Stáitchiste	Reachtaíocht Rialaithe	Feidhmeanna, Cearta nó Dualgais an Aire/na Roinne
<b>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM)</b>	Arlene Forster	Beartas Curaclaim agus Measúnachta  Dalton Tattan, Rúnaí Cúnta	Vóta 26 – Fotheideal A.11.1	An tAcht Oideachais 1998, Cuid VII (A.38 – 48) & IR Uimh. 131/2009 - An tAcht Oideachais, 1998 (Comhdhéanamh Ordú CNM 2009)	<ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Tá CNM bunaithe faoin Acht Oideachais 1998, agus tá comhdhéanamh an bhoird bunaithe ar choinníollacha IR Uimh. 131/2009. Is é ról CNM comhairle a thabhairt don Aire i gcúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam d'oideachas na luath-óige, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, agus leis na nósanna imeachta measúnaithe a úsáidtear i scoileanna agus scrúduithe ar ábhair atá mar chuid den churaclam.</li> <li>➔ Déanann an tAonad Beartais Curaclaim agus Measúnaithe maoirseacht ar rialachas CNM de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta mar bhonn agus mar thaca aige.</li> <li>➔ Faomhann an tAonad Beartais Curaclaim agus Measúnaithe buiséad na CNM go bliantúil bunaithe ar chláir oibre bliantúil comhaontaithe.</li> <li>➔ Ceapann an tAire 25 ball ar chomhairle CNM ar thimthriall 3 bliana. Ainmníonn an tAire Oideachais 2 chomhalta agus ainmníonn an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeachtha agus Óige duine amháin. Tá an chuid eile den chomhairle ainmnithe ag eagraíochtaí comhpháirtíochta oideachais.</li> <li>➔ Is státseirbhísigh iad foireann bhuan uile CNM.</li> <li>➔ Leagann an Roinn cuntais iniúchta na CNM faoi bhráid Thithe an Oireachtais.</li> </ul>
<b>Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)</b>	Andrea Feeney	Beartas Curaclaim agus Measúnachta  Dalton Tattan, Rúnaí Cúnta	Vóta 26 – Fotheideal A.11.4	Ordú Bunaithe Choimisiún na Scrúduithe Stáit (IR Uimh 373 de 2003)	<ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Tá CSS bunaithe faoi Ordú Bunaithe Choimisiún na Scrúduithe Stáit (IR Uimh 373 de 2003)</li> <li>➔ Déanann an tAonad Beartais Curaclaim agus Measúnaithe maoirseacht ar rialachas CSS de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá Comhaontú Seachadta Maoirseachta agus Feidhmíochta mar bhonn agus mar thaca aige.</li> <li>➔ Ceapann an tAire na cúigear Coimisinéirí ar bhord CSS.</li> <li>➔ Faomhann an tAonad Beartais Curaclaim agus Measúnaithe sa Roinn Comhshaoil buiséad an CSS go bliantúil bunaithe ar chláir oibre bliantúil comhaontaithe.</li> <li>➔ Chomh maith leis an leithdháileadh buiséid bhliantúil bailíonn CSS admhálacha ó scoláirí a dhéanann na Scrúduithe Stáit. Tá an t-ioncam seo mar chuid de leithdháileadh buiséadach bliantúil an CSS.</li> <li>➔ Is státseirbhísigh iad foireann uile CSS.</li> <li>➔ Leagann an Roinn cuntais iniúchta CSS faoi bhráid Thithe an Oireachtais.</li> </ul>

Ainm an Chomhlachta	Ceann Oifige	Aonad Líne agus Rúnaí Cúnta	Foinse Maoinithe Stáitchiste	Reachtaíocht Rialaithe	Feidhmeanna, Cearta nó Dualgais an Aire/na Roinne
<b>An Chomhairle Mhúinteoireachta</b>	Dr. Lynn Ramsey Stiúrthóir	Oideachas Múinteoirí agus Beartas TFC  Dalton Tattan, Rúnaí Cúnta	Ioncam ó tháillí clárúcháin múinteoirí – nach bhfuil maoinithe ón Stáitchiste	Na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015	<ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Cuireann an tAire Oideachais, mar chomhalta den Fheidhmeannacht Oideachais, (Airteagal 28 Bunreacht na hÉireann) an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta i bhfeidhm, tugann sé leasuithe ar an Acht chuig an reachtas, aitheascann sé do Thithe an Oireachtais ar nithe a bhaineann leis an gComhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear ceisteanna parlaiminte a fhreagairt, agus freastal ar chruinnithe de choistí ábhartha na Parlaiminte (Airt. 28).</li> <li>➔ Faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, tá údarás dílsithe don Aire chun orduithe a dhéanamh a thosaíonn ailt den Acht (S.1), chun rialacháin a dhéanamh nó toiliú le rialacháin arna ndéanamh ag an gComhairle, (lena n-áirítear rialacháin maidir le toghadh comhaltaí (S.10). ), clárú (SS31-33), táillí a fhéadfaidh sé a ghearradh (S.23) ), agus na rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.</li> <li>➔ An tAire <ul style="list-style-type: none"> <li>○ cead a thabhairt (le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) don Chomhairle airgead a fháil ar iasacht (S.20) agus maoin a shealbhú (S.5).</li> <li>○ comhairle agus faisnéis a fháil ón gComhairle lena n-áirítear na caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta is gá chun teagasc, athbheithniú agus creidiúnú clár oideachas múinteoirí a chleachtadh (S.38), íoschaighdeáin cháilíochtaí oideachais le haghaidh iontrála ar chlár múinteoirí. oideachas (S.7), clárú múinteoirí agus nithe eile a bhaineann le hobair na Comhairle (S.58)</li> <li>○ ceapfaidh sé 37 comhalta den Chomhairle (S.8) nó cuirfidh sé as oifig iad (S.16) tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle</li> <li>○ féadfaidh siad toiliú, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le ceapadh fostaithe na Comhairle (S.13), lena n-áirítear an Stiúrthóir (S.11), lena n-áirítear luach saothair, táillí agus liúntais (S.13, Sceideal 2); cuirfidh sé an scéim aoisliúntais chun feidhme (S.14); agus téarmaí agus coinníollacha ceapacháin coistí a chinneadh (S.24),</li> <li>○ soláthrófar Tuarascáil Bhliantúil agus cuntais na Comhairle (arna hiniúchadh ag an iniúchóir arna cheapadh ag an Aire) agus leagfar faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad (S.55),</li> <li>○ faoi cheangal ag ceanglais i reachtaíocht eile m.sh. dlíthe fostaíochta, cosaint sonraí.</li> </ul> </li> </ul>

Ainm an Chomhlachta	Ceann Oifige	Aonad Líne agus Rúnaí Cúnta	Foinse Maoinithe Stáitchiste	Reachtaíocht Rialaithe	Feidhmeanna, Cearta nó Dualgais an Aire/na Roinne
<b>An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (CICA)</b>	Hugh McLain	An tAonad Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe  Aoife Conduit, Rúnaí Cúnta	Maoiniú Stáitchiste trí Vóta 26 – fotheideal A.13	An tAcht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, 2000 agus an tAcht um Dhrochúsáid Leanaí a Fhiosrú, 2005.	<p>Nóta - thuiriscigh an Coimisiún in 2009 agus tá sé i modh foirceanta faoi láthair, ag déileáil le taifid ar feitheamh achtaithe reachtaíochta.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Tá neamhspleáchas reachtúil iomlán ag an gCoimisiún.</li> <li>➔ Íocann an Roinn costais reatha an Choimisiúin.</li> <li>➔ Leanann an Coimisiún de shocruithe tuairiscithe a bhí i bhfeidhm roimh thabhairt isteach Chód Cleachtais D/PERs 2016 a chur i bhfeidhm agus tá socruithe rialachais inmheánaigh i bhfeidhm i gcónaí ag an gCoimisiún Bhronn an tAire maolú ar Chód Cleachtais 2016 D/PERs don Choimisiún.</li> <li>➔ Cheap an tAire comhaltaí an Choimisiúin. Nuair is deimhin leis an Aire, tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach, go bhfuil comhlíonadh a fheidhmeanna curtha i gcrích ag an gCoimisiún, féadfaid sé nó sí, le hordú, an Coimisiún a dhíscaoileadh.</li> <li>➔ D'éascaigh Aonad Sásaimh na Roinne íocaíocht na mbille go léir atá dlite do CICA trí: <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Córas bainistíochta airgeadais/seirbhísí párolla roinnte.</li> <li>○ Tá caiteachas CICA tabhaithe trí Vóta 26 faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.</li> </ul> </li> </ul>
<b>An Bord Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe (RIRB)</b>	Michael O Beirne	An tAonad Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe  Aoife Conduit, Rúnaí Cúnta	Stáitchiste den chuid is mó (Vóta 26 – Fotheideal A.13) le roinnt ranníocaíochtaí creidimh dámhachtainí maoinithe agus	An tAcht um Shásamh i leith Foras Cónaithe, 2002,  An tOrdú fán Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe, Institiúidí Breise) 2005, agus an tAcht um Shásamh i	<p>Tabhair faoi deara - is é príomhfheidhm an Bhoird um Shásamh ná sásamh airgeadais a sholáthar do dhuine ar baineadh mí-úsáid as, mar leanaí, le linn dó a bheith ina chónaí i Scoileanna Saothair,, Cóiríocháin nó institiúidí eile a bhí faoi réir rialú nó iniúchadh Stáit.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Tá neamhspleáchas reachtúil iomlán ag an mBord Sásaimh.</li> <li>➔ Íocann an Roinn costais reatha an Bhoird móide dámhachtainí a dhéantar agus costais dlí iarratasóra.</li> <li>➔ Leanann an Bord um Shásamh ag cur socruithe tuairiscithe i bhfeidhm a bhí i bhfeidhm sular tugadh isteach Cód Cleachtais D/PERs 2016 agus tá socruithe rialachais inmheánacha i bhfeidhm ag an mBord i gcónaí, lena n-áirítear Comhaontú Seirbhíse. Bhronn an tAire maolú ar Chód Cleachtais 2016 R/PERs don Bhard Sásaimh.</li> <li>➔ Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse mar thaca ag maoirseacht ar rialachas an Bhoird Shásaimh a leagann amach ról, freagrachtaí agus struchtúir idirchaidrimh tuairiscithe an RIRB agus Aonad Sásaimh na Roinne.</li> <li>➔ D'éascaigh Aonad Sásaimh na Roinne íocaíocht na mbillí go léir atá dlite don RIRB trí chóras bainistíochta airgeadais/seirbhísí comhroinnte párolla na Roinne.</li> </ul>

Ainm an Chomhlachta	Ceann Oifige	Aonad Líne agus Rúnaí Cúnta	Foinse Maoinithe Stáitchiste	Reachtaíocht Rialaithe	Feidhmeanna, Cearta nó Dualgais an Aire/na Roinne
			costais dlí iarratasóra	leith Foras Cónaithe (Leasú), 2011	<ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Is é an tAire a cheapann comhaltaí an Bhoird.</li> <li>➔ Leagann an Roinn Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird um Shásamh faoi bhráid Thithe an Oireachtais.</li> <li>➔ Tá caiteachas an bhoird arna thabhtú trí Vóta 26 faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.</li> </ul>
<b>An Coiste Athbhreithnithe ar Fhorais Chónaithe (RIRC)</b>	Helen-Claire O'Hanlon	An tAonad Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe  Aoife Conduit, Rúnaí Cúnta	Maoiniú Stáitchiste - Vóta 26 – Fotheideal A.13	An tAcht um Shásamh i leith Foras Cónaithe, 2002, an tOrdú fán Acht um Shásamh d'Institiúidí Cónaithe, 2005, agus an tAcht um Shásamh i leith Foras Cónaithe (Leasú), 2011	<p>Nóta - cuireadh an Coiste Athbhreithnithe ar bun faoin Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe, 2002 .</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Tá neamhspleáchas iomlán reachtúil ag an gCoiste Athbhreithnithe.</li> <li>➔ Íocann an Roinn costais reatha an Choiste.</li> <li>➔ Leanann an Coiste Athbhreithnithe ag cur i bhfeidhm socruithe tuairiscithe a bhí i bhfeidhm sular tugadh isteach Cód Cleachtas D/PERs 2016 agus tá socruithe rialachais inmheánaigh i bhfeidhm ag an RIRC i gcónaí, lena n-áirítear Comhaontú Seirbhíse. Bhronn an tAire maolú ar Chód Cleachtas 2016 R/PERs don RIRC.</li> <li>➔ Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse mar thaca ag maoirseacht ar rialachas an Choiste Sásaimh a leagann amach ról, freagrachtaí agus struchtúir idirchaidrimh tuairiscithe an RIRC agus Aonad Sásaimh na Roinne araon.</li> <li>➔ D'éascaigh Aonad Sásaimh na Roinne íocaíocht na mbillí go léir atá dlite don RIRC trí chóras bainistíochta airgeadais/seirbhísí comhroinnte párolla na Roinne.</li> <li>➔ Is é an tAire a cheapann comhaltaí an choiste.</li> <li>➔ Tá caiteachas an Choiste arna thabhtú trí Vóta 26 faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste</li> </ul>
<b>Caranua (Ciste Reachtúil na bhForais Cónaithe)</b>	Dúnadh Oifigí Feidhmiúcháin Caranua i mí an Mhárta 2021 toisc gur raibh an Ciste riartha agus gur cuireadh gach iarratas chuig an gcomhlacht i	An tAonad Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe	Maoinithe ag ranníocaíochtaí ó Phobail Reiligiúin a chuirtear i gcuntas	An tAcht um an gCiste Reachtúil um Fhorais Chónaithe, 2012 .	<ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Is Comhlacht Reachtúil neamhspleách é Caranua. Tá roinnt feidhmeanna ag an Aire faoin Acht, lena n-áirítear comhaltaí an Bhoird a cheapadh, oifigeach achomhairc neamhspleách a cheapadh agus tuarascálacha bliantúla agus cuntais bhliantúla a fháil agus a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.</li> <li>➔ Tá faomhadh an Aire ag teastáil chun sainchomhairleoirí a fhóstu agus chun conarthaí a dhéanamh. Tá toiliú an Aire ag teastáil le haghaidh nithe ar nós líon foirne, téarmaí agus coinníollacha seirbhíse na foirne, etc.</li> <li>➔ Féadfaidh an tAire treoracha i scríbhinn a thabhairt don Bhord maidir le comhlíonadh bheartais shonraithe Rialtais. Níl aon ról ag an Aire maidir le hiarratais chuig Caranua nó le cúrsaí oibríocháin eile.</li> </ul>

Ainm an Chomhlachta	Ceann Oifige	Aonad Líne agus Rúnaí Cúnta	Foinse Maoinithe Státhchiste	Reachtaíocht Rialaithe	Feidhmeanna, Cearta nó Dualgais an Aire/na Roinne
	gcrích. Féadfar fiosrúcháin a bhaineann le Caranua a chur chuig Aonad Sásaimh Institiúidí Cónaithe na Roinne.	Aoife Conduit, Rúnaí Cúnta	infheistíochta GBCN.		<ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Níl Caranua maoinithe ag an Státhchiste, díorthaítear a mhaoiniú ó ranníocaíochtaí reiligiúnacha atá á gcoimeád ar iontaobhas ag GBCN. Tá ráitis airgeadais bhliantúla Caranua faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Leagann Comhaontú Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn agus Caranua amach ról agus freagrachtaí an dá pháirtí faoi seach; spriocanna feidhmíochta, socruithe monatóireachta agus tuairiscithe agus príomhrialú agus rialú.</li> <li>➔ Mar gheall ar nádúr teoranta an Chiste Reachtuil óna gceanglaítear speansais Caranua a íoc, laghdódh Caranua a chuid oibríochtaí le linn 2021. Críochnaíodh gach iarratas gan réiteach i mí na Nollag 2020, agus tugadh gach achomharc chuig an Oifigeach Neamhspleách Achomhairc chun críche i mí Feabhra. 2021. Tháinig an fhoireann ar fad a bhí fágtha, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, deireadh lena gconarthaí an 24 Márta 2021. Tá Bord eatramhach ceaptha ag an Aire, agus déanfaidh sé maoirsiú ar na socruithe maidir le Caranua a dhíscaoileadh go foirmiúil. Cuirfear díscaoileadh foirmiúil Caranua ar aghaidh trí bhíthin reachtaíochta.</li> </ul>
<b>An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)</b>	John Kearney Príomhfheidhmeannach	Oideachas Speisialta  Martina Mannion, Rúnaí Cúnta	Vóta 26 – Fotheideal A.11.5	An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 .	<ul style="list-style-type: none"> <li>➔ Bunaíodh an CNOS faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 acu.</li> <li>➔ Is é an tAire a cheapann cathaoirleach agus gnáthchomhaltai na Comhairle as measc daoine a bhfuil suim ar leith acu in oideachas leanai a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, nó eolas a bhaineann leis.</li> <li>➔ Tá Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm idir an CNOS agus an Roinn chun ról agus freagrachtaí faoi seach an dá pháirtí a shoiléiriú, lena n-áirítear inter alia, spriocanna feidhmíochta, socruithe monatóireachta agus tuairiscithe agus príomhriachtanais rialaithe agus rialachais.</li> <li>➔ Tá an CNOS maoinithe ag an Roinn Oideachais de réir Chiorclán 13 – 2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.</li> </ul>



## Aguisín D – Rialú Leagan Doiciméid agus Stair Athraithe

### Rialú Leagan Doiciméid

Cuspóir an Doiciméid:	Na struchtúir Rialachais Chorparáidigh don Roinn a leagan amach.
Uimhir Leagan:	1
Dáta:	Bealtaine 2016
Údar:	Siobhán Cullen / John Rafferty
Údaraithe ag:	MB

Leagan	Dáta eisiúna	Údar	Cúis leis an Athrú
Dréacht 1	Iúil 2018	Siobhán Cullen	Athbhreithniú
Dréacht 2	Eanáir 2020	Siobhán Cullen	Leasaithe
Dréacht 3	Bealtaine 2022	Eimear Gallagher / Sandra Tobin / Ciara Molloy	Leasaithe
Dréacht 4	Meán Fómhair 2022	Eimear Gallagher	Leasaithe
Dréacht 5	Márta 2023	Ciara Molloy agus Sandra Tobin	Leasaithe agus nuashonraithe
Dréacht 6	Feabhra 2024	Rialachas Corparáideach/Rialachas Earnálach	Nuashonraithe DPENDPDR SoS 2023-2025 Comhairleori speisialta lth 22 Bord Bainistíochta Lth 25

			PCR Lth 35 Grúpa Maoirseachta um Chosaint Leanaí Lth 42
--	--	--	---

### Stair na nAthruithe